Tá dualgas ar an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh i gcomhar leis an lucht bainistíochta agus leis an iniúchóir inmheánach ar an gcairt, ar ghníomhaíochtaí, ar an soláthar foirne agus ar struchtúr eagraíochtaíl na feidhme iniúchóireachta inmheánaí. Soláthraíonn sé tuarascáil bhliantúil don chomhairle maidir lena chuid oibre agus rialuithe bainistíochta na Comhairle.

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Is é ról an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) cur chuige comhtháite i leith na forbartha pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme. Cuimsítear sa bhallaíocht comhpháirtithe socheacnamaíocha reachtúla agus neamhreachtúla sa chontae.

## Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil

Is struchtúr nua é an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil a thagann in ionad an Chomhchoiste Póilíneachta. Tugann an Chomhpháirtíocht seirbhísí reachtúla, an earnáil dheonach agus phobail, ionadaithe tofa agus baill den phobal le chéile chun saincheisteanna sábháilteachta pobail áitiúla a shainaithínt agus a phlé. Tá Cathaoirleach neamhspleách sa chomhpháirtíocht.

## Lónra Rannpháirtíochta Poiblí Loch Garman

Struchtúr uileghabháilach is ea an Lónra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha sa chontae. Is é an LRP an príomhnasc trína nascann an Chomhairle leis an bpobal. Éascaíonn an LRP ionchur an phobail sa rialtas áitiúil trí ionadaithe a ainmniú ar choistí agus comhlachtaí cinnteoireachta lena n-áirítear Coistí um Beartais Straitéiseacha.

# Ár gComhaltaí Tofa

## Ceanatar Bardasach Inis Córthaidh



**Cllr. Aidan Browne**  
Fianna Fáil



**Cllr. Cathal Byrne**  
Fine Gael



**Cllr. Pat Kehoe**  
Fine Gael



**Cllr. Barbara Anne Murphy**  
Fianna Fáil



**Cllr. John O'Rourke**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Jackser Owens**  
Neamhpháirtí

## Ceanatar Buirge Loch Garman



**Cllr. Tom Forde**  
Sinn Féin



**Cllr. Leonard Kelly**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Garry Laffan**  
Fianna Fáil



**Cllr. Vicky Barron**  
Páirtí an Lucht Oibre



**Cllr. Raymond Shannon**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Robbie Staples**  
Fine Gael



**Cllr. Catherine Biddy Walsh**  
Páirtí an Lucht Oibre

## Ceanatar Bardasach Ros Láir



**Cllr. Ger Carthy**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Jim Codd**  
Aontú



**Cllr. Lisa McDonald**  
Fianna Fáil



**Cllr. Frank Staples**  
Fine Gael



**Cllr. Aoife Rose O'Brien**  
Sinn Féin

## Ceanfar Bardasach Ros Mhic Triúin



**Cllr. Pat Barden**  
Neamhpháirtí



**Cllr. John Dwyer**  
Neamhpháirtí



**Cllr. John Fleming**  
Fianna Fáil



**Cllr. Marty Murphy**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Michael Sheehan**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Bridín Murphy**  
Fine Gael

## Ceanfar Bardasach Ghuaire-Chill Mhucraise



**Cllr. Nicky Boland**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Pip Breen**  
Fianna Fáil



**Cllr. Anthony Donohoe**  
Fine Gael



**Cllr. Paddy Kavanagh**  
Neamhpháirtí



**Cllr. Donal Kenny**  
Fianna Fáil



**Cllr. Darragh McDonald**  
Fine Gael



**Cllr. Joe Sullivan**  
Fianna Fáil



**Cllr. Oliver Walsh**  
Fine Gael



**Cllr. Craig Doyle**  
Sinn Féin



**Cllr. Mary Farrell**  
Neamhpháirtí

# Ár bhFoireann Bainistíochta



**Eddie Taaffe**  
Príomhfheidhmeannach



**Eamonn Hore** Stiúrthóir Seirbhise / Leas-Phríomhfheidhmeannach  
Bóithre, lompar, Uisce, Sláinte agus Sábháilteacht agus Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin



**Carolyne Godkin** Stiúrthóir Seirbhise

Tithíocht, Pobal, Leabharlanna, Ealaíona, Seirbhisi Éigeandála, Comhshaol & Athrú Aeráide & Ceantar Bardasach Inis Córthaidh



**Elizabeth Hore** Stiúrthóir Seirbhise

Forbairt Eacnamaíoch, Pleanál, Bainistíocht Réadmhaoine agus Ceantar Bardasach Ghuaire/Chill Mhucraise



**Shay Howell** Stiúrthóir Gnionmhach Seirbhise

Ceantar Forbartha Caipíil agus Burg Loch Garman



**Amanda Byrne** Stiúrthóir Gnionmhach Seirbhise

Acmhainní Daonna, Seirbhisi Corporáideacha, Foireann Freagartha na hÚcráine agus Foireann Imeascáth



**Lynda Lacey** Ceann Airgeadais

TFC agus Ceantar Bardasach Ros Láir



**Michael Drea** Rúnaí Contae

# Ár bPríomhfheidhmeanna



# Conas a mhaoinítear ár gcuid oibre

## Foinsí Maoiniúcháin

### Deontais

Faigtear maoiniú ón rialtas láir agus ó chomhlachtaí eile chun críocha sonracha amhail Bonneagar Tithíochta, Pobail agus lompair.

### Earraí agus Seirbhísí

Áirítear le hioncam ó earraí agus seirbhísí cíos ó thithíocht shóisialta, iasachtaí tithíochta, táillí pleanála agus táillí dóiteáin.

### Cáin Mhaoine Áitiúil

Tugadh an Cháin Mhaoine Áitiúil isteach in 2013, mhaoinítear léi seirbhísí tábhachtacha rialtais áitiúil amhail leabharlanna, clóis súgartha agus tionscadail phobail.

### Rátaí Tráchtála

Cuireann Rátaí Tráchtála go mór le hioncam bhuiséad iomlán na Comhairle agus íocann áititheoirí áitreabh tráchtála ar fud an chontae é.

Foinse [Buiséad CCLG 2024](#)


### Cistiú Caipitil

Chomh maith leis an ioncam nó caiteachas ó lá go lá, soláthraíonn an Chomhairle clár caipitil ilbhliantúil ina gcuimsítear tionscadail bhonneagair ar scála mór.


Maoiniútear na tionscadail sin trí dheontais rialtais amhail an Ciste um Fhorbairt Athnuachana Uirbigh (URDF) agus an Ciste Forbartha Athnuachana Tuaithe (RRDF) le tacaíocht ó iasachtaí, ranníocaíochtaí pleanála agus foinsí eile. Tá an meánchaiteachas bliantúil ar thionscadail chaipitil os cionn €100m.

# Buiséad Blantúil

## Foinsí Maoiniúcháin



## Conas a chaitear ár gcistí



# Ár gContae agus a Mhuintir



Daonra **163,919**  
Fir **80,777** Mná **83,142**



Gréasán Bóithre **3,700km**





Imeallbhord **260km**



Tráinna **70**



Calafoirt **2**



## An baile is mó agus a dhaonra

Daonra Bhaile Loch Garman **21,524**.

### Áit bhreithe

Rugadh **63%** de chónaitheoirí Loch Garman (**102,809** duine) sa chontae.

### Na 4 náisiúntacht nach

#### Éireannaigh iad is mo sa chontae

Ba shaoránaigh nach Éireannaigh iad **9%** de dhaonra an chontae. Ba iad saoránaigh de chuid na Ríochta Aontaithe an grúpa ba mhó (**3,561** duine), Saoránaigh de chuid na Polainne (**3,356**), saoránaigh de chuid na Liotuáine (**725**) agus saoránaigh de chuid na Rómáine (**729**).

#### Líon daoine i bhfostaíocht

Bhí níos mó ná **131,400** duine a bhí ina gcónai sa chontae i mí Aibreáin 2022 15 bliana d'aois agus níos sine agus astu siúd bhí beagnach **69,500** duine ag obair.

#### An líon daoine a bhí ag obair ón mbaile

I Loch Garman, d'oibrigh **17,932** duine (15 bliana d'aois agus níos sine) ón mbaile lá amháin sa tseachtain ar a laghad in 2022. B'ionann é sin agus **26%** den lucht oibre.

#### Cineálacha comaitéireachta chuig an obair

Bhí **61,703** duine ag taisteal chuig an obair sa chontae i mí Aibreáin 2022. Bhí **41,118** ag tiomáint chuig an obair i gcarr. Thaistil **948** ar an mbus. Thaistil **136** ar an traein. Shiúil **4,864** chuig an obair.

Thaistil **525** ar rothar.

## Líon nó % daoine ag a raibh cártaíocht 3ú leibhéal

Mhéadaigh an líon daoine a raibh cártaíocht tríú leibhéal acu sa chontae ó díreach os cionn **31,200** in 2016 go dtí díreach os cionn **41,100** in 2022. Ba rátá **37%** é sin i gcomparáid le **45%** go náisiúnta.

#### An líon leanaí i gcúram leanaí

I Loch Garman bhí **10,976 (34%)** díobh siúd faoi 15 bliana d'aois i gcúram leanaí. Bhí **4,461** leanbh i naíolann/montessori/grúpa súgartha/seirbhís iarscoile sa chontae (**41%**). Bhí cúram á thabhairt do leanbh amháin as triúr (**3,550**) ag duine muinteartha nó ball teaghlaigh neamhíoctha. Bhí cúram á thabhairt do **1,451 (13%)** leanbh eile ag feighlí leanaí (i dteach an fheighlí leanaí).

#### Líon na gcainteoirí Gaeilge

Daonra an chontae 3 bliana d'aois agus níos sine de réir a gcumais Gaeilge a labhairt **55,198**.

#### Sláinte - % le dea-shláinte

Dúirt os cionn **136,300** duine (**83%**) sa chontae go raibh siad i mbarr a sláinte nó go raibh an tsláinte go maith acu.

#### Tionacht - an líon daoine ar leo a dteach féin seachas a dteach a bheith á ligean ar cíos acu

I mí Aibreáin 2022 bhí **59,081** de na tithe ina dtithe úinéir-áitithe i Loch Garman. Léirigh tithe ar cíos ó thiarnaí talún príobháideacha ag **8,269**.

# Ár gCeantair Bhardasacha



Déantar gníomhaíochtaí ar fud na gCeantar Bardasach ar fad a mhaoliniú trí Leithdháileadh na gCeantar Bardasach agus comhlánaítear iad trí dheontais iomaíocha agus foinsí maoiniúcháin eile de réir mar a bheidh siad ar fáil. Faomhatar Leithdháileadh na gCeantar Bardasach mar chuid de phróiseas an bhuiséid bhliantúil.

	<b>Daonra</b>	<b>Imeallbhord</b>	<b>Bóithre</b>	<b>Limistéar</b>
<b>Loch Garman</b>	<b>31,547</b>	<b>45km</b>	<b>299km</b>	<b>159.43km<sup>2</sup></b>
<b>Guaire-Cill Mhucraise</b>	<b>49,539</b>	<b>45km</b>	<b>1,193km</b>	<b>784.67km<sup>2</sup></b>
<b>Inis Córthaidh</b>	<b>29,314</b>	<b>0km</b>	<b>650km</b>	<b>422.41km<sup>2</sup></b>
<b>Ros Mhic Triúin</b>	<b>29,946</b>	<b>70km</b>	<b>952km</b>	<b>614.65km<sup>2</sup></b>
<b>Ros Láir</b>	<b>23,573</b>	<b>100km</b>	<b>620km</b>	<b>388.05km<sup>2</sup></b>
<b>Iomlán</b>	<b>163,919</b>	<b>260km</b>	<b>3,714km</b>	<b>2,369km<sup>2</sup></b>

# An Méid atá Bainte Amach Againn

## - Plean Corparáideach 2019 - 2024



**922** Post Cruthaithe



**Os cionn 3.5m**  
Cuaireoir Baile 2019  
– 2023



Plean Áitiúil Eacnamaíochta  
agus Pobail (PÁEP) 2024 –  
2029

Bunaíodh **38** Pobal  
Fuinnimh Inmharthana



Glacadh Plean um  
Ghníomhú ar son na  
hAeráide 2024 – 2029



Tailte a cheannach do  
champas SETU



N25 Bhóthar Rochtana  
Eoraphort Ros Láir

**Leithdháileadh**  
2,725 **Tionóntacht**  
**Tithíochta Sóisialta**



Eisíodh níos mó  
ná **2.5m** mír trí  
leabharlanna i gContae  
Loch Garman



**Caiteachas** €6.7m  
sna hEalaíona



**Maoiníodh**  
190 tionscadal Leader

**Leithdháileadh**  
1,211 deontas tobair



**Caitheadh** €58.4m  
ar Oibreacha  
Feabhsúcháin  
Athchóirithe Bóthair



**54** Eastát Tithíochta  
Príobháideach tógtha i  
gcúram



Óstáladh Fleadh  
Cheoil na hÉireann  
2024



**895** duine i gcóiríocht  
mar fhreagairt ar  
Ghéarchéim na hÚcráine



Seachbhóthar N25 Ros Mhic  
Thriúin agus Dhroichead  
Rose Fitzgerald Kennedy



**Rinneadh** 7,000 glao ar  
dhaoine leochaileacha mar  
chuid den fhreagairt ar Covid



Grianghraf: Michael Duggan



Grianghraf: Alan Mahon



# Ár dTimpeallacht Oibriúcháin

## Láideachtaí

- Daonra atá ag fás
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ionad staidéir Eorpach thar lear Georgia Southern University a leathnú
- Geilleagar gnó láidir áitiúil agus an chuid is mó den fhostaíocht á soláthar ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
- Cuideachtaí Eolaíochta Beatha agus Seirbhísí Airgeadais bunaithe
- Naisc mhaithe bóithre le Baile Átha Cliath agus Port Láirge
- Leibhéal ard úinéireachta tí
- Eoraphort Ros Láir agus Calafort Ros Mhic Tríuin
- Is é Loch Garman an contae is grianmhaire in Éirinn

## Deiseanna

- Buntáistí féideartha ón aistriú chuig fuinneamh in-athnuaithe agus forbairt gaoithe amach ón gcósta
- Thacódh infheistíocht i scileanna le fás eacnamaíoch
- Le tuilleadh infheistíocha i maolú na haeráide agus oiriúnú don aeráid cruthófar fostáiocht ardluacha, feabhsófar caighdeán na beatha agus laghdófar an costas maireachtála
- Ag tógáil ar ár bhfeidhmíocht láidir i soláthar tithe, tabharfar aghaidh ar an easnamh reatha tithe agus ullmhóidh sé an contae don todhchaí


## Srianta

- Iompar Poiblí Teoranta
- Tá ráta ard daoine óga, daoine scothaosta agus spleáchais aoise a dteastaíonn tacaíochtaí ina leith sa chontae
- Níl fás stoc titheachta an chontae ag coinneál suas leis an bhfás ar an daonra agus tá an inacmhainneacht ag laghdú tuilleadh
- Tá míbhuntáiste sóisialta fós sách ard
- Tá níos lú ioncam indiúscartha ag muintir Loch Garman ná atá ag a bpiaráí réigiúnacha nó náisiúnta

## Bagairtí

- Tionchar féideartha ón aistriú go miondíol ar líne
- Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta don chontae, d'fhéadfadh éifeachtaí seach-iarmharta dochracha a bheith ag baint le cíulú domhanda, nó ag cíulú níos áitiúla san Aontas nó sa Ríocht Aontaithe
- Le laghdú ar ioncam indiúscartha áitiúil, chuirfí dúshlán roimh na fiontair bheaga agus mheánmhéide atá mar chuid d'fhormhór na bhfostóirí i Loch Garman
- Le laghdú leanúnach ar inacmhainneacht tithe, chuirfí teorainn le hacmhainneacht fáis gheilleagar an chontae agus spreagfaí eisimirce, go háirithe daoine óga
- Le cóimheas spleáchais mhéadaithe, cuirfear brú anuas ar an bhfás eacnamaíoch agus beidh tuilleadh tacaíochtaí sóisialta de dhíth
- Tá limistéar an chónchaileach i leith an athraithe aeráide a bhaineann leis an bhfarraige lena bhféadfaí an ghníomhaíocht eacnamaíoch reatha a dhíláithriú

# Ár bPrionsabail Oibriúcháin



Bailímid faisnéis ar ardchaighdeán chun bonn eolais a chur faoinár bpleannanna, beartais agus cleachtais agus féachaimid le sármhaitheas a bhaint amach ar fud ár n-oibríochtaí go léir. Déanaimid measúnú ar na haschuir agus ar na torthaí chun ár bhfeidhmíocht agus ár seirbhís dár gcustaiméirí a fheabhsú go leanúnach. Bainimid úsáid as bealaí éagsúla cumarsáide chun teagháil a dhéanamh lenár gcustaiméirí agus lenár bpobail, agus roinnimid eolas leo agus faighimid amach an méid atá tábhachtach dóibh. Cuirimid an fhoghlaim sin i bhfeidhm chun ár gcuid oibre a fheabhsú tuilleadh.

# Ár dTreoírphrionsabail

## Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá Comhairle Contae Loch Garman, agus a croíluach 'cuimsiú' á léiriú aici, tiomanta do dheireadh a chur le hidirdhealú, do chomhionannas agus cosaint chearta an duine a chur chun cinn dár n-úsáideoirí seirbhíse, fostaithe, comhaltaí tofa agus tairbhithe beartais. Ar bhonn an tiomantais sin, cuirimid Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine i bhfeidhm mar chuid lárnach dár n-obair leanúnach ar fud na heagraíochta.

Agus an Dualgas á chomhlíonadh againn, rinneamar measúnú fianaise-bhunaithe agus rannpháirtíoch ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a bhaineann lenár gcuspóir agus lenár bhfeidhmeanna agus tá sé sin curtha ar fáil againn ar ár [suíomh gréasáin](#).

Táimid ag dul chun cinn le plein cur chun feidhme maidir leis an Dualgas chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá sé sin ar fáil ar ár [suíomh gréasáin](#). Leagtar amach sa phlean na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun cur i bhfeidhm leanúnach an Dualgais a éascú agus soláthraítear treoir leis maidir le conas an 'Céim Aghaidh a Thabhairt' a thabhairt chun críche maidir le forbairt agus athbhreithniú ár bpleannanna, straitéisí, beartais, clár agus tionscadal thar shaolré an Phlean Chorparáidigh seo.

Agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine, cuirimid chun feidhme roinnt straitéisí a dhíríonn ar na grúpaí sainaitheanta don Dualgas, lena n-áirítear Straitéis Aoisbháúil; Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas; Straitéis Daoine Óga Gan Dídean; Clár Cóiríochta don Lucht Siúil agus Straitéis maidir le hlmeascadh.

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha freagrach as cur chun feidhme an Dualgais a chur chun cinn agus tá Grúpa Oibre tras-eagraíochta bunaithe acu chun tacú leis sin agus é a éascú. Ullmhaíonn an Grúpa Oibre sin plein gníomhaíochta bhliantúil maidir leis an Dualgas, déanann sé monatóireacht ar a chur chun feidhme agus tacáíonn sé leis, agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta.



## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Comhairle Contae Loch Garman tiomanta dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá ag teacht lena Phlean reatha agus comhleanúnach um Gníomhú ar son na hAeráide laistigh den chreat náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide a mhéid is praiticiúil. Ullmháiodh an Plean a glacadh i mí Feabhra 2024 i gcomhréir le Cuspóir Náisiúnta foriomlán Aeráide an Rialtais, lena bhféachtar le tabhairt faoi aistriú chuig geilleagar a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de, ar mhórán bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus aeráidneodrach agus é a bhaint amach

tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Is iad príomhspriocanna Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Loch Garman laghdú 51% a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030 agus feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030. Chomh maith leis sin, cuimsítear sa [Phlean](#) réimse gníomhaíochtaí um oiriúnú don aeráid, atá dírithe ar athléimneacht an chontae i leith thionchair an athraithe aeráide a fheabhsú chomh maith le réimse gníomhaíochtaí maoluithe, chun an tionchar ar an aeráid amach anseo a laghdú.

## Cur chun feidhme na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha

Tá cur chuige uile-Rialtais glactha ag Éirinn maidir le cur chun feidhme Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha na Náisiún Aontaithe agus admhaítear leis an bplean seo go bhfuil cion tábhachtach le déanamh ag Comhairle Contae Loch Garman trí cheannaireacht áitiúil agus trí oibríochtaí.

Breithníodh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gach cuspóir laistigh den Phlean Corparáideach, maidir le cur leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, agus déanfar an dul chun cinn a thaifeadadh agus a thuairisciú go bliantúil.



## **Loch Garman Aoisbháúil**

Tá Comhairle Contae Loch Garman tiomanta do chur le heispéireas aosaithe níos dearfaí do mhuintir Loch Garman. In 2022, seoladh Straitéis Aoisbháúil Loch Garman bunaithe ar 9 bpriomhthéama na hEagraíochta Domhanda Sláinte a bhfuil sé mar aidhm acu feabhas a chur ar gach gné de shaol daoine scothaosta lena n-áirítear:

- Spásanna agus foirgnimh lasmuigh
- Iompar
- Tithíocht
- Rannpháirtíocht Shóisialta
- Meas agus Cuimsú Sóisialta
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Fostaíocht
- Cumarsáid agus Faisnéis
- Tacaíocht Phobail agus Seirbhísí Sláinte
- Sábháilteacht agus Slándáil

Cuirtear an Straitéis chun feidhme trí phlean gníomhaíochta 5 bliana. Déanann an Comhaontas Aoisbháúil, a bhfuil Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Loch Garman ina chathaoirleach air, monatóireacht ar an dul chun cinn agus soláthraíonn sé é. Déanann Comhairle do Dhaoine Scothaosta maoirseacht ar an obair chun feabhas leanúnach ar chaighdeán beatha daoine scothaosta sa chontae a chinntiú.

## **Digitíú Sheirbhísí**

Tá tuilleadh digitithe ar sheirbhísí mar chuid de Bheartas an Rialtais agus tá sé leagtha amach i gCónascadh Rialtais 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann. Ullmhófar Straitéis Dhigiteach in 2025, lena chinntiú go n-uasmhéadóidh an Chomhairle deiseanna chun feabhas a chur ar ár gcuid oibríochtaí tríd an teicneolaíocht. Leis an Straitéis, déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta, sainaithneofar tuilleadh deiseanna agus cinnteofar go nglacfar cur chuige cuimsitheach ionas go mbeifear ábalta ár gcustaiméirí a chumasú agus ár seirbhísí a fheabhsú le teicneolaíochtaí nua.



# Ár Spriocanna

1

**Contae Rathúil**

2

**Contae Inbhuanaithe Athléimneach**

3

**Contae Cumasúcháin**

4

**Contae Ionchuimsitheach**

5

**Eagraíocht Nuálach Sholúbtha**

# 1

## Contae Rathúil

Leanfaimid ag tacú le fás eacnamaíoch, inbhuanaithe agus cuimsitheach ár gcontae agus é a spreagadh

- 1(a) Mórthionscadail Chaipitil a Sholáthar a thacaíonn le Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireachta.
- 1(b) Bailte bríomhara a fhorbairt tríd an gclár Tús Áite do Lár an Bhaile, scéimeanna athghiniúna bailte, feabhsú an fhearrainn phoiblí agus aghaidh a thabhairt ar an dearóiliú, ar bhealach a thacaíonn le dearadh uilíoch agus inrochtaineacht.
- 1(c) Turasóireacht sa Chontae a chur chun cinn, i gcompháirtíocht le Fáilte Éireann agus Visit Wexford, tacú léi le tionscadail shuaitheanta, féilte barántúla agus spásanna poiblí suimiúla lena dtreisítéar mealltacht Loch Garman mar rogha ceann scríbe do thurasóiri.
- 1(d) Oibriú le IDA agus le Fiontraíocht Éireann chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh go Loch Garman agus bonneagar cuí a sholáthar chun tacú le hinfeistíocht isteach agus le cuideachtaí atá ann cheana.
- 1(e) Dul i gcompháirtíocht le Fiontraíocht Éireann chun seirbhísí a sholáthar chun an earnáil dhúchasach a fhorbairt, go háirithe Fointair Bheaga agus Mheánmhéide, nuálaíocht nua agus gnólachtaí nuathionscanta agus Loch Garman a shuí do dheiseanna nua sa gheilleagar digiteach, glas agus muirí.
- 1(f) Oibriú le gach soláthraí oideachais chun deiseanna oideachais ar fud an chontae a fheabhsú.

### Rath a Thomhas

- Táscairí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchóireachta
- Líon na dtionscadal mór a soláthraíodh
- Líon na láithreán folamh agus tréigthe a cuireadh in úsáid
- Méadú ar líon na gcuairteoirí turasóireachta baile agus eachtracha
- Tionchar eacnamaíoch lena n-áirítear
  - » Líon na bpost a cruthaíodh
  - » Líon na ngnólachtaí ar tacaíodh leo
- Méadú ar ghnóthachtáil oideachais

### Ailíniú leis na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha



# 2

## Contae Inbhuanaithe Athléimneach

Trí ghníomhaíocht dhíreach, chomhpháirtíocht agus thacaíocht, tacóimid le contae inbhuanaithe agus athléimneach.

- 2(a) Aistriú cóir chuig Neodracht Carbóin a chur chun cinn san eagraíocht agus sa phobal i gcoitinne tríd an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus bearta um Chosc agus um Chosaint Tuité a chur chun feidhme.
- 2(b) Cinntíú go ndíreofar go leanúnach ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ar Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe trí na réimsí oibre a shainaithint a mbeidh athrú ó bhonn mar thoradh orthu agus ár ndul chun cinn a chur in iúl.
- 2(c) Ár dTimpeallacht Thógtha agus Nádúrtha a chosaint agus oibriú i dtreo an Bhithéagsúlacht agus Gnáthóga a chosaint agus a fheabhsú.
- 2(d) An Crios Cósta a bhainistiú le cinntíú go mbeidh an fhorbairt inbhuanaithe agus go rachfar i ngleic le creimeadh cósta.
- 2(e) Freagairt ar adhaimsir, dóiteáin agus timpistí trí Phleanáil Éigeandála agus trí Sheirbhísí éifeachtacha Céadfhreagróra.

### Rath a Thomhas

- Táscairí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta
- Dul chun cinn maidir le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 – 2029 Chomhairle Contae Loch Garman a sholáthar
- Líon an gcruiinnithe grúpa bainistíochta móréigeandála a tionóladh

### Ailíniú leis na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha



# 3

## Contae Cumasúcháin


Teastaíonn uainn go mbeadh ár gcontae ina áit iontach le cónaí ann agus go mbeidh caighdeán beatha den scoth ann do chách.

- 3(a) Pleanál Inbhuanaithe d'fhorbairt chothrom na limistéar Uirbeach agus Tuaithe le cinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais reatha agus ar riachtanais amach anseo laistigh de chreat an Phlean Forbartha Contae.
- 3(b) Bonneagar Bóithre, Uisce agus Séarachais a fhorbairt agus a chothabháil (i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann) chun freastal ar ár riachtanais.
- 3(c) An cultúr flúirseach bríomhar inár gcontae a fheabhsú trínár seirbhísí Leabharlainne, Éire Ildánach, Ealaíon agus Oidhreachta, rud a chinnteoidh rannpháirtíocht agus rannpháirteachas in éagsúlacht iomlán ár bpobail.
- 3(d) Feabhas a chur ar an bhfolláine ar fud ár bpobal go léir trí na hEalaíona agus tríd an gCultúr, trí Loch Garman Sláintiúil, trí fhorbairt spóirt agus trí sholáthar saoráidí taitneamhachta agus caiitheamh aimsire ar ardchaighdeán.

### Rath a Thomhas

- Táscairí an Choinisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta
- Bonneagar riachtanach a sholáthar
- Leibhéal rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí lasmuigh
- Táscairí Sláinte Pobail

### Ailíníú leis na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha



# 4

## Contae ionchuimsitheach

Oibrímid chun contae a chruthú a bheidh saor ó idirdhealú, a bheidh ionchuimsitheach do chách agus a thugann aire do na daoine leochaileacha inár sochaí.

- 4(a) Réitigh Tithíochta a Sholáthar tríd an gclár Tithíocht do Chách, rud a sholáthraíonn réimse roghanna tithíochta le cinntíú go mbeidh tithíocht oriúnach ag gach duine a mbaineann díothacht tithíochta leo, ag soláthar do riachtanais a bhaineann go sonrach le héagsúlacht na ndaoine lena mbaineann.
- 4(b) Ár stoc tithíochta a choinneáil ar ardchaighdeán chun tithe sábháilte compordacha a sholáthar dár dtionónaí go léir.
- 4(c) Cinntíú go bhfuil ár gcontae aoisbháulí trí phrionsabail aoisbháula a chur chun cinn agus a chur chun feidhme inár seirbhísí go léir.
- 4(d) Réimse clár agus tionscadal um chuimsiú sóisialta a sholáthar, in éineacht lenár gcomhpháirtithe sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail.
- 4(e) Feabhas a chur ar an gcaipiteal sóisialta inár bpobail trí thacú leis an líonra fairsing de ghrúpaí pobail sa chontae, agus trí abhcóideacht agus rannpháirtíocht a éascú.
- 4(f) Tacú le sochaí atá inrochtana do chách ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar sheirbhísí, saoráidí, acmhainní agus deiseanna.

### Rath a Thomhas

- Táscairí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta
- Spriocanna tithíochta a baineadh amach
- Cuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a baineadh amach

### Ailíníú leis na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha



# 5

## Eagraíocht Nuálach Sholúbtha

Déanaimid ár ndícheall a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta atá éifeachtach, cuntasach agus a chinntíonn luach ar airgead.

- 5(a) Feabhas a chur ar bhealaí agus ar mhodhanna seirbhíse custaiméirí chun eispéireas an chustaiméara linn a fheabhsú ar bhealach lena n-aithneofar riachtanais shonracha ár gcustaiméirí go léir agus lena bhfreagrófar orthu.
- 5(b) Bonneagar agus seirbhísí TFC agus Digiteacha nua agus éifeachtacha a fhorbairt chun tacú le soláthar seirbhíse, fairsinge ár seirbhísí a leathnú agus comhionannas digiteach a chur chun cinn.
- 5(c) Tacú leis na comhaltaí tofa ina ról maidir le maoirseacht dhaonlathach a dhéanamh ar an gComhairle, ar na Coistí um Beartais Straitéisearcha (CBSanna) agus ar Cheantair Bhardasacha agus Bhuirge, agus oibriú chun luachanna daonlathacha agus rochtain sa phobal a fheabhsú.
- 5(d) Oibriú ar bhealach trédhearcach oscailte, rud a éascóidh rochtain phoiblí agus cuntasacht trí Chumarsáid, Saoráil Faisnéise agus cur chun feidhme Chód Rialachais an Rialais Áitiúil.
- 5(e) Rialachas airgeadais éifeachtach agus cuntasach a chinntíú trí bhainistíocht agus rialú buiséad agus trí phróisis láidre agus éifeachtacha Airgeadais, Iniúchóireachta agus Bainistíochta Riosca.
- 5(f) Creat comhleanúnach a chruthú chun éagsúlacht fostaithe a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt chun tacú le spriocanna straitéisearcha na heagraíochta.
- 5(g) Cultúr cuimsitheachta, éagsúlachta agus comhionannais a chur chun cinn san ionad oibre a bheidh mar thoradh ar thimpeallacht oibre a bheidh sábháilte, neamhchlaonta agus dearfach, timpeallacht ina mbeidh an tsláinte, sábháilteach, leas agus folláine na bhfostaithe ríthábhachtach.

### Ailíniú leis na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha



### Rath a Thomhas

- Táscairí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta
- Méadú ar líon na seirbhísí do chustaiméirí a sholáthraítear ar líne
- Rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe trí na meáin shóisialta
- Comhlíonadh an Chóid Rialachais Chorparáidigh

## Conas a Sholáthraítear an Plean Corparáideach

Forbraítear cuspóirí an Phlean Corparáidigh cúig bliana ina ngníomhaíochta sonracha tríd an bPlean Blantúil um Sholáthar Seirbhíse (ASDP). Maoinítear an plean tríd an mbuiséad blantúil lena n-áirítear sceideal oibreacha an Cheantair Bhardasaigh. Déantar an clár caipítíl ilbhliantúil a mhaoiniú as féin.

Cód Rialachais		Pleanáil Straitéiseach agus Creat Rialachais Chorparáidigh			Tuairisciú
<b>Fadtéarmach</b>	<b>Meántearma</b>	Beartais, Straitéisí agus Pleananna Náisiúnta agus Áitiúla lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionscadal Éireann 2040</li> <li>• Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta</li> <li>• Athnuachan na Státseirbhíse 2030</li> <li>• Plean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028</li> <li>• Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2029</li> <li>• Gníomhú ar son na hAeráide 2024-2029</li> </ul>			
	<b>Bliantúil</b>	Plean Corparáideach 2025-2029 <ul style="list-style-type: none"> <li>• Spriocanna agus Cuspóirí don tréimhse 5 bliana le hathbhreithniú rialta</li> <li>• Clár Caipítíl – Clár Caipítíl Trí bliana</li> <li>• Plean Straitéiseach Fórsa Saothair – Ilbhliantúil</li> </ul>			
		Buiséad Blantúil	Plean Blantúil um Sholáthar Seirbhíse	Sceideal na nOibreacha Ceantar Bardasach	Tuarascáil mhiósúil, ráithíúil agus bhliantúil
					Tuarascáil Blantúil
					Athbhreithniú Cur Chun Feidhme CNMI

## **Conas a Thomhaistear Feidhmíocht**

Tomhaistear baint amach gach cuspóra laistigh den phlean corporáideach de réir táscaire amháin nó níos mó. Áirítear leis na táscairí sin na cinn a bhunaigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchóireachta (CNMI) d'Údaráis Áitiúla.

Cuirtear an Plean Blantúil um Sholáthar Seirbhíse faoi bhráid na gcomhaltaí tofa lena fhaomhadh ag túis gach bliana.


Sanntar freagrácht as na gníomhaíochta sa Phlean Blantúil um Sholáthar Seirbhíse thar na réimsí feidhmiúla éagsúla. Ullmhaíonn gach réimse plean lena sainaithnítear freagráchtaí gach ball fairne, is é sin an bonn Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta na bhfostaithe.

Soláthraítear nuashonruithe míosúla ar dhul chun cinn don chomhairle thofa i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a fhoilsítear ar [www.wexfordcoco.ie](http://www.wexfordcoco.ie). Tugtar Ráiteas ar an Dul Chun Cinn ag deireadh na bliana agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Déanann an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchóireachta (CNMI) monatóireacht sheachtrach freisin ar an dul chun cinn lenar féidir comparáid a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla eile. Ullmhaítear tuarascáil tagarmharcála gach bliain.

## **Clár Rioscaí Corparáideacha**

Cóinníonn an Chomhairle Clár Rioscaí Corparáideacha ina ndéantar rioscaí straitéiseacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar an Phlean Chorparáidigh a mheas agus straitéisí maolaithe a shainaithint. Áirítear le rioscaí straitéiseacha an spleáchas ar foinsí maoiniúcháin rialtais láir agus foinsí maoiniúcháin eile agus rannpháirtíocht i gComhaontuithe Seirbhíse. Tá an Clár Rioscaí Corparáideacha mar chuid de Bheartas Bainistíochta Riosca uileghabhálach i gcás go n-aithníonn gach réimse gnó rioscaí ábhartha, agus tarraigíonn siad aird ar na cinn nach féidir leo iad a mhaolú. Cinntítear leis sin go ndéanfar riosca a bhainistiú ar an leibhéal cuí tríd an eagraíochta.



# AGUISÍNÍ



Grianghraf: Brendan Cooney



## **Aguisín 1: Príomhghníomhaíochtaí i ngach Stiúrthóireacht**

Soláthraítear oibríochtaí Chomhairle Contae Loch Garman ar fud cúig Stiúrthóireacht, agus soláthraíonn gach Stiúrthóireacht réimse seirbhísí agus feidhmeanna

### **Bóithre, Iompar, Uisce, Sláinte agus Sábháilteachtaí agus Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin**

#### **Príomhghníomhaíochtaí**

- Mórthionscadail tógála bóithre a sholáthar
- An Clár Bóithre Náisiúnta a bhainistiú
- An Clár Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a bhainistiú (RLR) agus an gréasán bóithre a fheabhsú agus a chothabháil
- Sábháilteachtaí ar bhóithre a chur chun cinn sa phobal
- Pleananna bainistithe tráchta a chur chun feidhme
- An Córas Soilsithe Poiblí sa chontae a bhainistiú
- Scéim Fostaíochta Pobail Chomhairle Contae Loch Garman a bhainistiú
- Carrchlóis agus scuabadh sráide a sholáthar
- Córás bainistíochta páirceála nua-aimseartha a sholáthar agus a bhainistiú
- Taisteal Gníomhach - modhanna eile iompair a chur chun cinn
- An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil a riart
- An Scéim Rannpháirtíochta Pobail a Riart
- Ceadúnais agus ceadanna a eisiúint lena n-áirítear ceadúnais le haghaidh oscailt bóithre, dúnadh sealadach bóithre agus ualaí neamhghhnácha
- Sláinte agus Sábháilteachtaí d'fhostaithe, do chonraitheoirí agus do bhaill den phobal a bhainistiú de réir ISO 45001
- Maoirseacht agus bainistiú ar imeachtaí poiblí
- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí uisce tuaithe agus ar sholáthar an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe agus tacú leo.
- Oibriú faoin Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe le Uisce Éireann chun cuidiú le seirbhísí uisce poiblí a sholáthar i gContae Loch Garman
- Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin a bhainistiú

## **Forbairt Eacnamaíoch, Pleanáil, Bainistíocht Réadmhaoine & Ceantar Bardasach Ghuaire/Chill Mhucraise**

### **Príomhghníomhaíochtaí**

- Bainistíocht Forbartha - Pleanáil le haghaidh úsáid talún agus béis ar fhorbairt inbhuanaithe a sholáthar agus an timpeallacht thóghtha agus nádúrtha a chosaint
- Pleananna Forbartha Contae agus Ceantair Áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme
- Forbairt thionsclaíoch, tráchtála agus forbairt eile a chur chun cinn
- Seirbhísí um Rialú Foirgníochta, Oidhreacht agus Caomhnú
- Bainistíocht maoine
- Turasóireacht intíre agus idirnáisiúnta a fhorbairt laistigh den chontae i gcomhar le príomphpháirtithe leasmhara
- Cur chuige comhordaithe agus éifeachtach a sholáthar chun forbairt eacnamaíoch, tionscnamh agus deiseanna cruthaithe post a uasmhéadú
- An Contae agus an Réigiún a chur chun cinn mar shuíomh iontach le haghaidh infheistíochta agus forbairt ghnó
- Bainistíocht agus forbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar phunann réitigh maoine na Comhairle chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus cruthú post
- Tacú go réamhghníomhach le forbairt na bpriomhlimistéar agus na bpriomhbhraisí earnála sa chontae
- Tacú le forbairt agus méadú gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí reatha tríd an Oifig Fiontair Áitiúil
- An beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile a sholáthar agus lár bhailte a athbheochan
- Forfheidhmiú Pleanála a bhainistiú lena chinntíú go gcomhlíonfar dlíthe agus rialacháin maidir le pleináil
- Rialú Foirgníochta - a chinntíú go mbainfear amach na caighdeáin riachtanacha tógála i bhfoirgnimh chónaithe agus thráchtála
- Rochtain – Tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar fhoirgnimh phoiblí agus iad a chur chun cinn trí oideachas agus trí chomhairliúchán
- Monatóireacht a dhéanamh ar an dearóiliú agus é a leigheas tríd an Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990
- Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha – monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir agus ar áiteanna contúirteacha agus fáil réidh leo tríd an Acht um Sheirbhísí Sláintíochta 1964
- Bainistiú ar Cheantar Bardasach Ghuaire-Chill Mhucraise

# **Tithíocht, Pobal, Leabharlanna, Ealaíona, Seirbhísí Éigeandála, Comhshaol agus Athrú Aeráide agus Ceantar Bardasach Inis Córthaidh**

## **Príomhgníomhaíochtaí**

- Clár Caipitil Tithíochta a Sholáthar
- Tithíochta údaráis áitiúil a sholáthar agus a chothabháil
- Tionscnaimh bainistíochta eastáit a sholáthar
- Cóiríocht a sholáthar don Lucht Siúil
- Scéimeanna Ceannaigh Tionóna agus Úinéireachta Roinnte a chur chun feidhme
- Tithíocht inacmhainne a sholáthar
- Tithíocht cheadaithe dheonach nó neamhbhrabús a éascú
- Caighdeán tithíochta do thithe cónaithe príobháideacha ar cíos a chur chun feidhme
- Deontais do Daoine faoi Mhíchumas agus do Dheisiúcháin Riachtanacha a sholáthar
- Céanna agus cuanta i bhfeighil Chomhairle Chontae Loch Garman a chothabháil
- Clár oibreacha na gcéanna beaga a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- Oibreacha cosanta cósta a bhainistiú
- Réimse áiseanna caitheamh aimsire, súgartha agus taitneamhachta a sholáthar agus a bhainistiú
- Seirbhísí leabharlainne a sholáthar agus a fhorbairt
- Seirbhísí comhraicthe agus tarrthála dóiteáin a sholáthar
- Rialú Comhshaoil lena n-áirítear Rialú Truaillithe
- Seirbhísí Cosanta Sibhialta a sholáthar
- Cláir agus tionscadail phobail a bhainistiú agus a sholáthar go díreach
- Ceannaireacht éifeachtach pobail a sholáthar a thacaíonn le comhar, comhoibriú agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní (LCDC, LRP, TIG, LCSP, Comhairle na nÓg)
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar KPlanna don Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP)
- Reiligí a Bhainistiú
- Leithris Phoiblí a chothabháil agus a fheabhsú
- Oibriú agus iarchúram ar líonadh talún
- Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála
- Bainistiú Bruscair
- Glanadh Sráideanna agus Folamh Araídí
- Rialáil, Monatóireacht agus Forfheidhmiú Dramhaíola
- Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola
- WSDO Gníomhaíochtaí Sábháilteachta Uisce
- Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn
- Athrú Aeráide agus Tuilte
- Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Lasmuigh
- Ceantair Draenála Talún
- Oibriú Céanna agus Cuanta
- Seirbhísí Tréidliachta
- Gníomhaíochtaí Bithéagsúlachta
- Bainistiú Cheantar Bardasach Inis Córthaidh

## **Airgeadas, TFC agus Ceantar Bardasach Ros Láir**

### **Príomhghníomhaíochtaí**

- Seirbhísí tacaíochta airgeadais a sholáthar do Chomhairle Contae Loch Garman
- Bainistíocht Fiachais agus Rialú Creidmheasa
- Billeáil agus Bailiú Rátaí
- Iniúchóireacht Inmheánach
- Forfheidhmiú Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NÁCP)
- Clár um bainistíocht riosca árachais agus feabhsúchán riosca
- Seirbhísí mórtarchánach a sholáthar
- Tobhaigh ranníocaíochta pleanála (TRPanna) a bhailíú
- Clár iasachtaí ina gcuimsítear iasachtaí iníoctha agus iasachtaí infhaichte
- Bainistíocht cisteáin – monatóireacht agus bainistiú ar shreabhadh airgid agus infheistíochtaí
- Monatóireacht & bainistiú ar ioncam agus ar chaiteachas caipítíl
- Seirbhísí párolla
- Feidhmeanna TFC a sholáthar lena n-áirítear bonneagar nua-aimseartha slán a fhreastalaíonn ar riachtanais na heagraíochta, seirbhísí ar líne a dhíritear an gcuistaiméir agus líonra sábhláilte agus slán lena gcosnaítear an tÚdarás Áitiúil.
- Leathanbhanda a Chur Chun Cinn
- Ceantar Bardasach Ros Láir a bhainistiú

## **Ceantar Forbartha Caipítíl agus Buirg Loch Garman**

### **Príomhghníomhaíochtaí**

- Scéimeanna straitéiseacha infheistíocha caipítíl a sholáthar, amhail láithreáin thionscláiocha agus páirceanna gnó chun forbairt eacnamaíoch a éascú
- Tionscadail um athbheochan agus athnuachan lár bailte agus spásanna poiblí
- Forbairtí ardluacha turasóireachta agus taitneamhachta caitheamh aimsire lena n-áirítear páirceanna poiblí, muirní agus tionscadail għlasbhealaí
- Tionscadail forbartha agus feabhsúchán foirgneamh poiblí agus spásanna poiblí
- Bainistiú Cheantar Buirge Loch Garman

## **Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Foireann Freagartha na hÚcráine agus Foireann Imeasctha**

### **Príomhghníomhaíochtaí**

- Seirbhís rúnaíochta a sholáthar don lucht bainistíochta agus don chomhairle mar chomhlacht corporaithe
- Íomhá chorparáideach dhearfach a chur chun cinn
- Bainistiú Chlár na dToghthóirí
- Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, fiosruithe chuig an Ombudsman
- Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur chun feidhme agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san eagraíocht
- Dóthain ball fairne atá forbartha go gairmiúil a fháil agus a choinneáil chun freastal ar riachtanais na heagraíochta agus an phobail
- Oiliúint agus earcaíocht bhaill fairne
- Bainisitiú na Seirbhíse do Chustaiméirí
- Íomhá chorparáideach dhearfach a chur chun cinn trí ranpháirtíocht an phobail ar fud na gcainéal meán cumarsáide go léir
- Láithreacht bhranda an Údarás Áitiúil a chruthú agus a choinneáil ar bun
- Cumarsáid inmheánach éifeachtach laistigh de ranna agus idir ranna a éascú
- Feachtas chumarsáide a bhaineann le seirbhísí, imeachtaí agus tionscnaimh na comhairle a chur i gcrích
- Seirbhís Tacaíochta do na Baill Foirne
- Pleanáil agus Eagrú an Lucht Oibre
- Rialachas Corparáideach
- Soláthar Poiblí
- Sláinte agus Sábháilteacht - Foréigean agus lompar Bagrach
- Bainistiú Saoráidí
- Bainistiú Taifead
- Seirbhísí ilchuspóireach, Taisteal, Seirbhísí Dlí
- Rúnaíocht Chomhghuaillíocht na mBan
- Freagairt ar ghéarchéim na hÚcráine
- Imeascadh

## Aguisín 2: Sonrai Bonnline

Réimse Feidhmiúil	Spriocanna Feidhmiochta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin larbhír Reatha (bunaithe ar na sonrai is déanaí atá ar fáil)
<b>Tithíocht</b>	<p>Tithíocht shóisialta a sholáthar chun freastal ar riachtanais aitheanta</p> <p>Tógáil tithíochta sóisialta a mhéadú chun aonaid thóghtha a sholáthar</p> <p>Tógáil ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc atá ann cheana féin chun infhaighteacht na n-aonad atá ar fáil do thithíocht shóisialta a mhéadú</p> <p>Tithíocht chuí dhóthanach a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas</p> <p>Cigireacht a dhéanamh ar 25% de na tionótachtaí cónaithe príobháideacha gach bliain</p>	<p>Plean Seirbhísí Tithíochta (áitiúil)</p> <p>Sraiteis Úsáide Talún</p> <p>Clár Náisiúnta Maoiniúcháin do Stoc Folamh</p> <p>Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme um Thús Áite do Thithíocht 2018-2021</p> <p>Pleananna cúig bliana an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais a sholáthar</p> <p>Tithíocht do Chách</p> <p>Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta</p>	<p>Líon na dTithe Cónaithe faoi úinéireacht ag 01/01/2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe a cuireadh leis an stoc le linn 2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe a díoladh in 2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe a leagadh in 2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe faoi úinéireacht ag 31/12/2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe a bhfuil sé beartaithe iad a leagan</p> <p>Céatadán na dtithe cónaithe faoi úinéireacht a bhí folamh ar 31/12/2023</p> <p>An t-am a ghlaic sé ó dháta a folmhaíodh é lena athligean ar cíos in 2023</p> <p>An méid a caitheamh chun é a athligean ar cíos</p> <p>Caiteachas ar Chothabháil roinnte ar líon na dtithe cónaithe ag 31/12/2023</p> <p>Líon na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar Chomhairle Contae Loch Garman ag deireadh mhí an Mheithimh 2023</p> <p>Líon na dtithe cónaithe ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu in 2023</p> <p>Céatadán na dtithe cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu nach gcomhlíonann na Rialacháin Chaighdeánacha</p> <p>Líon na dtithe cónaithe a measadh go raibh siad comhlíontach in 2023</p> <p>Líon na gcigireachtaí a rinneadh in 2023</p> <p>Céatadán na n Daoine Fásta i gCóiríocht Éigeandála ar Daoine Fásta gan Dídean Fadtéarmach iad</p>	<p>4791</p> <p>77</p> <p>13</p> <p>4</p> <p>4851</p> <p>1</p> <p>1.28%</p> <p>24.56 seachtain</p> <p>€14,103.36</p> <p>€1,514.78</p> <p>5,936</p> <p>1,645</p> <p>91.38%</p> <p>193</p> <p>1,753</p> <p>48.08%</p>

Réimse Feidhmiúil	Spriocanna Feidhmiochta	Cláir Thacaiochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnlíne Oibriúcháin Iarbhír Reatha (bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil)
<b>Bóithre, lompar agus Sábháilteacht (CNMI PI R1-R3)</b>	<p>An gréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus cáilíocht struchtúrach na mbóithre a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach astu a fheabhsú agus a athchóiriú (féach an Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt (Imlitir RW 21/2014)</p> <p>Athléimneacht aeráide maidir leis an bPlean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide mar gheall ar lompar a chinntíú</p> <p>Treoir ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus ón Roinn lompair maidir le hoiriúnú bóithre réigiúnacha &amp; áitiúla; Straitéis TII um Oiriúnú don Aeráid</p>	<p>Stair na nOibreacha Cosán; Fardal agus Suirbhéanna Dromchlaí Cosán Bóthair (Meicniúil agus Amharc) a choinneáil</p> <p>Rátálacha an Innéacs um Bail Dromchlaí Cosán (PSCI) do bhóithre réigiúnacha, do phríomhbhóithre áitiúla agus do bhóithre den dara grád</p>	<p>Rátálacha reatha atá curtha ar fáil san Innéacs um Bhail Dromchlaí Cosán (PSCI)</p> <p>Bóthar Réigiúnach</p> <p>Príomhbhóthar</p> <p>Bóthar den Dara Grád</p> <p>Bóthar den Tríú Grád</p> <p>Fad céatadáin an Bhóthair Réigiúnaigh ag a bhfuil Rátáil PSCI 1-4</p> <p>Rátáil PSCI 5-6</p> <p>Rátáil PSCI 7-8</p> <p>Rátáil PSCI 9-10</p> <p>Fad céatadáin an Phríomhbhóthair Áitiúil ag a bhfuil Rátáil PSCI 1-4</p> <p>Rátáil PSCI 5-6</p> <p>Rátáil PSCI 7-8</p> <p>Rátáil PSCI 9-10</p>	<p>97.20%</p> <p>97.34%</p> <p>96.38%</p> <p>94.40%</p> <p>7.57%</p> <p>14.32%</p> <p>41.68%</p> <p>33.63%</p> <p>20.09%</p> <p>16.34%</p> <p>29.91%</p> <p>310%</p>

Réimse Feidhmiúil	Spriocanna Feidhmiúchta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin larbhír Reatha (bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil)
			Fad céatadáin an Bhóthair Áitiúil den Dara Grád ag a bhfuil Rátáil PSCI 1-4 Rátáil PSCI 5-6 Rátáil PSCI 7-8 Rátáil PSCI 9-10	37.03% 14.46% 21.44% 23.57%
			Fad céatadáin an Bhóthair Áitiúil den Tríú Grád ag a bhfuil Rátáil PSCI 1-4 Rátáil PSCI 5-6 Rátáil PSCI 7-8 Rátáil PSCI 9-10	35.34% 10.51% 29.04% 19.51% 8.7%
			Ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2023 An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha Meánchostas aonaid ar neartú bóithre réigiúnacha	€2,228,162 €37.19
			Ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2023 An méid a caitheadh ar athshéalú bhóithre réigiúnacha Meánchostas aonaid ar athshéalú bóithre réigiúnacha	€253,923 €4.87
			Ciliméadar de bhóithre áitiúla a neartaíodh le linn 2023 An méid a caitheadh ar neartú bóithre áitiúla Meánchostas aonaid ar neartú bóithre áitiúla	€13,241,112 €25.61

Réimse Feidhmiúil	Spriocanna Feidhmiúchta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin Iarbhír Reatha (bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil)
			Fad céatacadáin an Bhóthair Áitiúil den Dara Grád ag a bhfuil  Rátáil PSCI 1-4 Rátáil PSCI 5-6 Rátáil PSCI 7-8 Rátáil PSCI 9-10	37.03% 14.46% 21.44% 23.57%
			Fad céatacadáin an Bhóthair Áitiúil den Tríú Grád ag a bhfuil  Rátáil PSCI 1-4 Rátáil PSCI 5-6 Rátáil PSCI 7-8 Rátáil PSCI 9-10	35.34% 10.51% 29.04% 19.51%
			Ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2023  An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha Meánchostas aonaid ar neartú bóithre réigiúnacha	8.7% €2,228,162 €37.19
			Ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2023  An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre réigiúnacha Meánchostas aonaid ar athshéalú bóithre réigiúnacha	8.2% €253,923 €4.87
			Ciliméadar de bhóithre áitiúla a neartaíodh le linn 2023  An méid a caitheadh ar neartú bóithre áitiúla Meánchostas aonaid ar neartú bóithre áitiúla	105% €13,241,112 €25.61

<b>Réimse Feidhmiúil</b>	<b>Spriocanna Feidhmiúchta</b>	<b>Cláir Thacaíochta</b>	<b>Modheolaíocht Tomhais</b>	<b>Bonnline Oibriúcháin Iarbhir Reatha (bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil)</b>
			<p>Ciliméadar de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn 2023</p> <p>An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre áitiúla</p> <p>Meánchostas aonaid ar athshéalú bóithre áitiúla</p> <p>% d'Idirbhhearta Mótarchánach a Rinneadh ar Líne</p>	<p>104.9%</p> <p>€2,687,078</p> <p>5.04</p> <p>83.18%</p>

Réimse Feidhmiúil	Spriocanna Feidhmiúchta	Cláir Thacaíochta	Modheolaíocht Tomhais	Bonnline Oibriúcháin larbhír Reatha (bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil)
